# Colscaradh

These notes provide fantastic support when answering parts (ii) and (iii) of the Leaving Cert Irish poetry section.

## Foclóir

Deacrachtaí caidrimh = relationship difficulties
I measc a mhuintire = amongst his family
Neamhspleáchas ina saol = independence in her life
Easpa tuisceana = lack of understanding
Theip ar an chleamhnas = the match failed
Mianta difriúla = different desires
Difríochtaí doréitithe = irreconcilable differences
Ar an drochuair = unfortunately
Teach breá, cluthar = a lovely, snug house
Íomhá tíriúil, traidisiúnta = a traditional, rural image
Cumhacht agus údarás = power and authority
Bheith ar chomhchéim = to be equal
Tá an mothú ó chroí ann = it's heartfelt
Tromchúis na heachtra = the seriousness of the event
Ní thugann sé breith = he doesn't judge
Réasúnta agus cothrom = fair and reasonable
Sórt ceangail = a sort of envoy
Briseadh síos an chaidrimh = the breakdown of the relationship
Dearcadh oibiachtúil = an objective perspective
Cruachás na beirte = the predicament of the couple

MaximumPoints

## Téama

Baineann an dán seo le deacrachtaí caidrimh idir dhaoine pósta. Sa dán seo, feicimid fear traidisiúnta pósta le bean nua-aimseartha. Nuair a phós an fear, shantaigh sé saol socraithe i measc a mhuintire. Ach nuair a phós an bhean, shantaigh sí neamhspleáchas ina saol. Bhí an fear ag iarraidh go mbeadh clann agus teach compordach aige, ach bhí an bhean ag iarraidh laethanta saoire thar sáile agus meas ó dhaoine eile. Tá easpa tuisceana le feiceáil idir an bheirt, agus níor réitigh siad le chéile dá bharr. Theip ar an chleamhnas agus, sa deireadh, scar siad. Is téama eile é mianta an duine. Déantar cur síos cruinn ar na mianta difriúla a bhí ag an fhear agus an bhean. Difríochtaí doréitithe ba chúis leis an bhriseadh.

Copyright © MaximumPoints.ie 